NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10868 – DIGITALBRIDGE / BROOKFIELD / DTAG / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 333/09)

1. An 24 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DigitalBridge Group, Inc. ("DigitalBridge", na Stáit Aontaithe),

— Brookfield Asset Management Inc. ("Brookfield", Ceanada),

— Deutsche Telekom AG ("DTAG", an Ghearmáin),

— DFMG Holding GmbH ("DFMG", an Ghearmáin), faoi rialú deiridh DTAG faoi láthair.

Gheobhaidh DigitalBridge, Brookfield agus Deutsche Telekom rialú comhpháirteach ar DFMG de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh tiomnaithe ar scála domhanda é DigitalBridge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Tá infheistíocht á déanamh ag DigitalBridge i gcúig phríomhearnáil: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mionchealla; agus (v) bonneagar ciumhais,

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Brookfield a thairgeann réimse de tháirgí agus de sheirbhísí infheistíochta poiblí agus príobháideacha, agus tá sé comhliostaithe ar stocmhalartán Nua-Eabhrac agus ar stocmhalartán Toronto. Tá infheistíocht Brookfield dírithe ar réadmhaoin, bonneagar, cumhacht inathnuaite, agus cothromas príobháideach,

— Is soláthraí seirbhísí comhtháite teileachumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise é DTAG agus tá gníomhaíochtaí aige ar fud an domhain i níos mó ná 50 tír. Cuireann DTAG seirbhísí teileachumarsáide seasta agus soghluaiste, táirgí Idirlín agus IPTV chomh maith le táirgí TF ar fáil do thomhaltóirí san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe den chuid is mó . Ina theannta sin, cuireann DTAG seirbhísí teileachumarsáide ar fáil d'iompróirí agus do sholáthraithe seirbhíse idirlín eile ar an leibhéal mórdhíola chomh maith le réitigh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do chustaiméirí meánmhéide agus móra ar fud an domhain.

— Tá DFMG ina úinéir ar bhonneagar teileachumarsáide éighníomhach gan sreang agus oibríonn sé an bonneagar sin (i.e., na túir, na suíomhanna dín agus na mionchealla mar a thugtar orthu) sa Ghearmáin agus san Ostair. Go sonrach, cuireann DFMG seirbhísí fáilteachais bonneagair teileachumarsáide (i.e. léasú spáis ar shuíomhanna líonra soghluaiste atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo) ar fáil do na hoibreoirí líonraí soghluaiste agus do na craoltóirí agus do líonraí raidió digiteacha na n-údarás poiblí sa Ghearmáin agus san Ostair.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10868 – DIGITALBRIDGE / BROOKFIELD / DTAG / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.